Tacaithe ag an

gCiste Rochtana

# Treoirlínte um Maoiniú Rochtain

# do

# Bhoird Oideachais agus Oiliúna

# 2026

SOLAS learning works

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

# Clár Ábhar


**Réamhrá** .......... 3

**Cuid 1: Prionsabail mhaoiniú Rochtain** .......... 5

**Cuid 2: Coinníollacha agus catagóirí maidir le maoiniú** .......... 6

**2.1 Coinníollacha maoinithe** .......... 6

2.1.1 Rialachas .......... 6

2.1.2 Maoiniú faofa .......... 6

**2.2 Spriocanna agus catagóirí maoinithe** .......... 7

**2.3 Rochtain agus an Ciste um Chomhoibriú agus Nuálaíocht** .......... 8

**Cuid 3 - Próiseas um leithdháileadh maoinithe agus riachtanais tuairiscithe** .......... 10

**3.1 BOO agus Píblíne an Chúlchiste Náisiúnta** .......... 10

**3.2 Próiseas um leithdháileadh an mhaoinithe** .......... 11

**3.3 Maoiniú a leithdháileadh** .......... 11

**3.4 Riachtanais tuairiscithe** .......... 12

**Aguisín 1 – Príomh-spriocghrúpaí agus spriocghrúpaí tosaíochta eile** .......... 14

**Aguisín 2 – an Ciste um Chomhoibriú agus Nuálaíocht (CIF)** .......... 15

**Aguisín 3 – Critéir scórála na meastóireachta** .......... 17

**Aguisín 4 – Teimpléad scórála na meastóireachta** .......... 19

**Aguisín 5 – Amlínte tuairiscithe mhaoiniú Rochtain** .......... 21

# Réamhrá

Tá sé mar aidhm le maoiniú Rochtain tacaíocht a chur ar fáil do na foghlaimeoirí is mó atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil chun teacht ar oideachas pobail agus páirt a ghlacadh ann.

De réir mar atá sainithe sa 'Chreat um Oideachas Pobail - Foghlaim a Bhunathrú'[1], Is ionann Oideachas Pobail agus foghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil arna treorú ag pobail ar son pobal chun tacú le forbairt phearsanta, shóisialta, oideachais, chomhshaoil, eacnamaíoch agus phobail". Treisítear an soláthar oideachais pobail le maoiniú Rochtain agus le 'Straitéis LAS'.[2]

Tugadh maoiniú Rochtain isteach in 2020 chun tacú leis na foghlaimeoirí is mó atá faoi mhíbhuntáiste le linn na ndúshlán a bhain le paindéim COVID-19, agus leanann sé le cistí ríthábhachtacha a sholáthar chun cuidiú le Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) agus le soláthraithe oideachais pobail lena gcumas a leathnú agus a mhéadú agus lena chinntiú gur féidir leo tacú le rannpháirtíocht na ndaoine is mó a bhfuil sé de dhíth orthu. Tá sé ina thiomantas leanúnach ag an Rialtas rochtain, comhoibriú agus nuálaíocht a chur chun cinn san oideachas pobail.

Le maoiniú Rochtain, leagtar béim láidir ar oideachas pobail chun tacú le foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste oideachasúil rochtain a fháil ar fhoghlaim aosach agus chun páirt a ghlacadh inti i bpobail áitiúla ar fud na hÉireann. Tá an maoiniú dírithe go príomha ar rannpháirtíocht na bpríomh-spriocghrúpaí a leathnú agus ar scileanna a fhorbairt, agus deiseanna oideachais á gcur ar fáil trí bhealaí simplithe agus tríd an bhféidearthacht de bhogadh ar aghaidh i mbreisoideachas agus oiliúint (FET) agus níos faide ar aghaidh. Tá sé mar aidhm leis an maoiniú rannpháirtíocht na bhfoghlaimeoirí atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil a leathnú agus a mhéadú, go háirithe iad siúd atá ag leibhéil 1 go 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Níor cheart é a úsáid chun tacú le foghlaimeoirí a fhreastalaíonn ar chúrsaí PLC (cúrsaí iar-Ardteistiméireachta), ar Ógtheagmháil nó ar chláir ar bith eile ag leibhéil CNC 4 nó níos airde.

---

[1] Community-Education-Framework.pdf

[2] Straitéis Litearthachta d'Aosaigh don Saol

Aithníodh tairbhe an mhaoinithe sin go forleathan i measc soláthraithe mar spreagadh chun cuidiú le daoine páirt a ghlacadh arís san fhoghlaim aosach. Fuarthas amach i suirbhé AONTAS 2022 [3]ar bhaill an Líonra Oideachais Phobail gur maoiniú tábhachtach é maoiniú Rochtain a bhfuil an-mheas air lena gcuirtear ar chumas soláthraithe foghlaimeoirí a mhealladh bheith rannpháirteach ar bhealaí nua. Cuidíonn tionscadail atá maoinithe ag Rochtain le rochtain ar fhoghlaim ar líne, nascann siad pobail le chéile, agus cuireann siad tacaíochtaí sóisialta ar fáil do na grúpaí is leochailí. Moltar go láidir do BOOnna oibriú le grúpaí pobail lena fháil amach conas is fearr tacú leis na grúpaí agus leis na foghlaimeoirí sin ina gcuid oibre.
Táthar ag súil go mbeidh an maoiniú a leithdháilfear ar gach Bord Oideachais agus Oiliúna do thionscnaimh Rochtain ar leibhéal comhchosúil leis an maoiniú a ceadaíodh dóibh faoi mhaoiniú Rochtain 2025, agus leithdháileadh buiséid FET ar an iomlán á chur san áireamh.

Tá na gnéithe a leanas leagtha amach sna treoirlínte:

- Prionsabail an mhaoinithe
- Coinníollacha agus catagóirí maidir le maoiniú
- Próiseas um leithdháileadh an mhaoinithe
- Riachtanais tuairiscithe

[3] Páipéar Beartais AONTAS - FINAL.pdf

# Cuid 1: Prionsabail mhaoiniú Rochtain

- Chun cuidiú le soláthraithe oideachais pobail le leathnú agus méadú a dhéanamh ar a gcumas beart de réir a mbriathair a dhéanamh i leith foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste oideachasúil, agus chun tacú leo agus a rannpháirtíocht a spreagadh, go háirithe iad siúd ar chláir chreidiúnaithe ag leibhéil 1 go 3 CNC.
- Chun tacú le prionsabail oideachais phobail trí fhoghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon a chuimsiú, trí aghaidh a thabhairt ar fhorbairt phearsanta na bhfoghlaimeoirí, trí scileanna a fhorbairt agus roghanna oideachais á gcur ar fáil ar bhealaí simplithe, agus deiseanna breise a chur ar fáil chun dul ar aghaidh go réimsí eile FET agus níos faide ar aghaidh.
- Dul i ngleic le neamhionannas agus chun tacú le rochtain ar oideachas pobail.
- Tacú le tionscadail oideachais phobail ina bhfuil fianaise shoiléir ar inmharthanacht, rud a chinntíonn go gcoinneofar tairbhí na hinfheistíochta i ndiaidh na tréimhse maoinithe, agus ar an mbealach sin tionchar fadtéarmach an mhaoinithe a mhéadú.
- Aghaidh a thabhairt ar thopaicí amhail oideachas ceartais aeráide, oideachas don fhorbairt inbhuanaithe agus tuiscint ar an aeráid a fhorbairt.
- Chun rannphháirtíocht foghlaimeoirí atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil a leathnú agus a mhéadú, go háirithe iad siúd atá ag leibhéil 1 go 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC).

Níor cheart maoiniú Rochtain a úsáid chun tacú le foghlaimeoirí a fhreastalaíonn ar chúrsaí PLC (cúrsaí iar-Ardteistiméireachta), ar Ógtheagmháil nó ar chláir ar bith eile ag leibhéil CNC 4 nó níos airde.

Níor cheart go mbeadh aon drochthionchar ag tionscadail a mhaoinítear trí mhaoiniú Rochtain ar sheirbhísí reatha nó ar sholáthar a mhaoinítear trí BOOnna.

# Cuid 2: Coinníollacha agus catagóirí maidir le maoiniú

## 2.1 Coinníollacha maoinithe

Leagtar amach sna coinníollacha maoinithe thíos an fhreagracht rialachais agus na teorainneacha maoinithe faofa den tionscnamh.

### 2.1.1 Rialachas

Tá BOOnna freagrach as deontais a fhaomhadh agus as riarachán agus bainistiú a dhéanamh freisin ar mhaoiniú a leithdháileann SOLAS ar an BOO faoi Rochtain. Ní mór do Bhoird Oideachais agus Oiliúna a bheith sásta maidir le deontais ar aghaidh ar bith go gcloítear le gach oibleagáid reachtúil, gach oibleagáid de chuid an Aontais Eorpaigh agus le gach oibleagáid eile atá i bhfeidhm agus mar atá leagtha amach i **'Téarmaí agus Coinníollacha Maoinithe'** SOLAS dar dáta 1 Eanáir 2026, a eisítear le litreacha faoi mhaoiniú.

### 2.1.2 Maoiniú faofa

Is iad BOOnna

Maidir le leithdháileadh maoinithe faofa d'aon tionscadal atá maoinithe faoi Rochtain:

(a) Níor cheart é a úsáid ach don chuspóir ar faomhadh é ina leith

(b) Ní mór é a chaitheamh faoi dheireadh 2026

(c) Ní mór dó a bheith bunaithe sa phobal agus gan a bheith nasctha le sruthanna maoinithe eile de chuid BOO.

(d) Ní ceadmhach é a úsáid le haghaidh míreanna caipitil.

> Nóta: Tá an tairseach caipitil do dheontais ar aghaidh (tionscadail sheachtracha) bunaithe ar chostas aon mhíre os cionn €1,000 gan CBL a áireamh. Is í an tairseach caipitil do thionscadail inmheánacha (ETB) €3,000 agus CBL san áireamh.

(e) Ní ceadmhach é a úsáid chun cláir a bhailíochtú

(f) Ní ceadmhach é a úsáid le haghaidh costais phá nó le haghaidh costas de chineál athfhillteach: Maidir le tionscadail **sheachtracha** (nach mbaineann le BOOnna) féadfar maoiniú Rochtain a úsáid le haghaidh costais foirne lena mbaineann cuspóir sainiúil nó téarma seasta agus a bhaineann go díreach leis an tionscadal Rochtain. Ní foláir nó nach rachaidh gealltanais/conarthaí níos faide ná deireadh 2026.

Maidir le tionscadail **inmheánacha** (BOO), má tá baill foirne bhreise ag teastáil don tionscadal Rochtain, tá an gnáth-phróiseas iarratais um cheadú soláthair foirne infheidhme.

## 2.2 Spriocanna agus catagóirí maoinithe

Tá sé mar aidhm ag maoiniú Rochtain tacú le foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste oideachasúil rochtain a fháil ar oideachas pobail agus páirt a ghlacadh ann.

**Spriocanna an Oideachais Pobail**

De réir an Chreata Oideachais Phobail, ó thaobh an Oideachais Phobail de, tá trí phríomhsprioc ann a mbeifear ag súil go gcuirfidh BOOnna tuilleadh leo:

- Rannpháirtíocht spriocghrúpaí tábhachtacha a leathnú
- Rannpháirtíocht iomlán san fhoghlaim ar feadh an tsaoil a mhéadú
- Creidiúnú torthaí foghlaimeoirí a fhorbairt ag leibhéil 1 go 3 ar CNC, agus aird á tabhairt ar an ngá le soláthar neamhchreidiúnaithe.

**Catagóirí maoinithe**

Chun tacú leis an aidhm atá ag Rochtain, is féidir le BOOnna tograí maoinithe a chomhlíonann na critéir sna treoirlínte seo faoi na catagóirí atá leagtha amach thíos a bhreithniú le haghaidh maoinithe:

1. Tionscadail atá dírithe ar mhéadú agus leathnú rannpháirtíocht na **spriocghrúpaí**[4] san fhoghlaim lena gcuirtear creidiúnú ar fáil ag leibhéal 1 go 3 CNC, nó ar chláir neamhchreidiúnaithe lena soláthraítear conairí soiléire chuig soláthar creidiúnaithe ag leibhéil 1 go 3 CNC
2. Tionscadail trína dtacófar le foghlaimeoirí chun bheith rannpháirteach/páirt a ghlacadh i gcláir oideachais phobalbhunaithe, tionscadail mheantóireachta, costais iompair d'fhoghlaimeoirí, freagairt oideachais phráinneach[5]
3. Tionscadail lena dtugtar aghaidh ar thopaicí amhail oideachas ceartais aeráide, oideachas don fhorbairt inbhuanaithe agus tuiscint ar an aeráid a fhorbairt.
4. Tionscnaimh a bhaineann le hoideachas for-rochtana agus obair réamhfhorbartha chun tacú leis na grúpaí is imeallaithe agus is mó atá faoi mhíbhuntáiste.

## 2.3 Rochtain agus an Ciste um Chomhoibriú agus Nuálaíocht

Dírítear maoiniú Rochtain ar thacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste oideachasúil le rochtain a fháil ar oideachas pobail agus páirt a

---

[4] Féach Aguisín 1

[5] gcás ina bhfuil maoiniú ceadaithe i gcomhair tacaíochtaí foghlaimeoirí, ba cheart rian iniúchóireachta soiléir a choinneáil ar bun agus ba cheart cineál gealltanais a fháil arna shíniú ag an bhfoghlaimeoir maidir leis an maoiniú.

ghlacadh ann. Tá Rochtain comhlánaithe ag an gCiste náisiúnta um Chomhoibriú agus Nuálaíocht (CIF) atá á riar ag an Oifig Náisiúnta Cláir um Litearthacht d'Aosaigh don Saol (LAS). Tá tuilleadh faisnéise maidir leis an CIF le fáil in Aguisín 2.

# Cuid 3 - Próiseas um leithdháileadh maoinithe agus riachtanais tuairiscithe

Leagtar amach sa chuid seo an próiseas chun maoiniú Rochtain a leithdháileadh mar aon le riachtanais tuairiscithe an tionscnaimh..

Ní mór do gach Bord Oideachais agus Oiliúna oibriú lena soláthraithe oideachais phobail chun iarratais ar thacaíocht a iarraidh ón maoiniú atá ar fáil. Sa bhreis air sin, ba cheart do BOOnna a fhógairt ar a suíomhanna gréasáin go bhfuil maoiniú Rochtain ar fáil.

Agus leithdháileadh 2025 caite an BOO á úsáid mar bhonnlíne, ní mór do gach BOO SOLAS a chur ar an eolas maidir lena leithdháiltí ceadaithe **deireanacha** do mhaoiniú Rochtain den luach sin tráth nach déanaí ná **Dé hAoine an 27 Márta 2026.** Sa liosta a chuirtear ar fáil do SOLAS ní mór na tionscadail a ainmniú a ceadaíodh d'fhonn maoiniú a fháil ó leithdháileadh an BOO.

Ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun méid iomlán mhaoiniú Rochtain a leithdháiltear ar an BOO a chaitheamh.  Ba cheart don BOO tionscadail chúltaca a ainmniú agus a thaifeadadh ar liosta tosaíochta (Cuid 3.1 (i) thíos).
Déanfar an liosta de thionscadail Rochtain a chuirtear in iúl do SOLAS faoin 27 Márta 2026 a mheas mar na tionscadail cheadaithe dheireanacha agus tabharfar tús áite dóibh maidir le maoiniú Rochtain in 2026, faoi réir ag deimhniú an leithdháilte dheiridh. Cuirfear an liosta ar aghaidh chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, lena úsáid i bhfógraí/foilseacháin oifigiúla a bhaineann le maoiniú Rochtain in 2026.

### 3.1 BOO agus Píblíne an Chúlchiste Náisiúnta

Sa chás na gcuirtear tionscadal ceadaithe i gcrích, nó má léirítear gannchaitheamh, ní mór don BOO an toradh sin a chur in iúl do SOLAS. Ansin ní mór don BOO iarracht a dhéanamh maoiniú a athdháileadh ar thionscadal eile atá ainmnithe ar a liosta de thionscadail chúlchiste 2026. Tá an BOO freagrach as a chinntiú go bhfuil an cumas ag an tionscadal/na tionscadail roghnaithe sa phíblíne caitheamh an mhéid atá sannta a bhaint amach faoi dheireadh 2026.

Mura bhfuil BOO in ann a leithdháileadh iomlán Rochtain a shannadh sa chéad ásc, ná chun maoiniú a sannadh roimhe sin a athdháileadh mura bhfuil faighteoir in ann caitheamh iomlán a bhaint amach, coimeádann SOLAS an ceart méideanna an ghannchaithimh a fháil ar ais.

Ní mór do BOOnna rian iniúchta soiléir a choimeád chun an réasúnaíocht taobh thiar d'athshannadh ar bith a theastaíonn a thaispeáint.

## 3.2 Próiseas um leithdháileadh an mhaoinithe

Is féidir le soláthraithe oideachais phobail iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh tionscadail incháilithe faoi mhaoiniú Rochtain do 2026. Déanfar maoiniú a riar chuig grúpaí oideachais pobail a dhéanann iarratas trí na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna ar fud na hÉireann.

Ba cheart do phainéal meastóireachta BOO athbhreithniú a dhéanamh ar gach iarratas ar mhaoiniú. Ba cheart don BOO painéal a chur ar bun chun na críche sin, agus cinnfidh BOO a chomhdhéanamh.  Chun rialachas éifeachtach agus trédhearcacht an phróisis um leithdháileadh a chinntiú, ba cheart don BOO úsáid a bhaint as na critéir mhaoinithe agus mheastóireachta a leagtar amach sa doiciméad seo. Ba cheart don BOO gach cinneadh a dhéanfaidh an painéal a thaifeadadh.

## 3.3 Maoiniú a leithdháileadh

Agus iad ag iarraidh an leithdháileadh maoinithe a chinneadh faoi Rochtain, ba cheart do gach Bord Oideachais agus Oiliúna deimhin a dhéanamh de go gcomhlíontar na fachtóirí seo a leanas:

1. Rinneadh ga cheart gach iarracht chun méid iomlán mhaoiniú Rochtain a leithdháiltear ar an BOO a shannadh.
2. Rinneadh athbhreithniú ar an iarratas ar mhaoiniú trí úsáid a bhaint as critéir mheastóireachta mhaoiniú Rochtain atá leagtha amach in Aguisín 3 agus comhlíonann sé na riachtanais maidir leis an scór íosta.
3. Comhlíonadh gach riachtanas agus dearbhú rialachais maidir le conas a chaithfí an maoiniú seo, dá ndéanfaí é a fhaomhadh. I gcomhréir leis an dea-rialachas, ba cheart don BOO Meabhrán Tuisceana a fhorbairt go sonrach do Rochtain. Maidir

le hiarratais fhaofa, ba chóir don BOO agus a chomhpháirtí (a chomhpháirtithe) i Rochtain é sin a shíniú.

4. Ní mór taifid a choinneáil ar chinntí painéil, ar thorthaí, ar scórtha etc. ar feadh amscálaí atá iomchuí maidir le hiniúchadh ar mhaoiniú Stáit.
5. Níl aon dúbailt ar mhaoiniú Stáit.
6. Cloítear le coinníollacha an mhaoinithe.
7. Ní leithdháiltear méid níos mó ná 10% de mhaoiniú Rochtain ar thionscadail inmheánacha (BOO) agus tá na tionscadail sin faoi réir freisin ag meastóireacht i gcoinne na gcritéar céanna agus a bhaineann le hiarratais sheachtracha. Ní ceadmhach, áfach, tús áite a thabhairt do thionscadail inmheánacha roimh iarratais sheachtracha ón bpobal.

## 3.4 Riachtanais tuairiscithe

Beidh ar BOOanna tuairisciú faoi leithdháileadh mhaoiniú Rochtain agus faoina úsáid; Ba cheart go gcuimseodh na sonraí tuairiscithe:

- Líon na dtograí a fuarthas agus a faomhadh
- Spriocghrúpaí le haghaidh maoinithe
- Líon na bhfoghlaimeoirí a bhaineann leas as an maoiniú
- Catagóirí maoinithe agus méideanna maoinithe a faomhadh
- Cuspóir an mhaoinithe (cad air a chaithfear é)
- Tairbhí agus torthaí an mhaoinithe lena bhfuiltear ag súil
- Maoiniú a caitheadh.

Eiseoidh SOLAS teimpléid tuairisce ar leith.

### Dátaí tuairiscithe

| Tuairisciú | Dáta le cur faoi bhráid SOLAS |
|---|---|
| Sonraí achoimre ar thionscadail fhaofa | 27 Márta 2026 |
| Tuarascáil um stádas Rochtain maidir le mí Eanáir go mí na Bealtaine 2026 | 12 Meitheamh 2026 |

| | |
|---|---|
| Tuarascáil dheireadh na bliana maidir le Rochtain chun an tréimhse go dtí deireadh mhí na Nollag a chlúdach | 26 Feabhra 2027 |

**Nóta:** Leanfar leis an tuairisciú airgeadais leanúnach a dhéanamh trí phróiseas foriomlán buiséadach BOO. Ba cheart go mbeadh leithdháileadh an mhaoinithe ar thionscadail cheadaithe ar aon dul le leithdháileadh mhaoiniú Rochtain arna fhaomhadh trí phróiseas foriomlán um leithdháileadh BOO.

# Aguisín 1 – Príomh-spriocghrúpaí agus spriocghrúpaí tosaíochta eile

Is iad seo a leanas na **príomh-spriocghrúpaí** do mhaoiniú Rochtain, ar aon dul leo siúd a aithníodh sa Chreat Oideachais Phobail:

- Foghlaimeoirí faoi 25 bliain d'aois
- Daoine dífhostaithe go fadtéarmach
- Daoine faoi mhíchumas
- Imircigh agus teifigh

**Spriocghrúpa tosaíochta eile:**

- Luathfhágálaithe scoile
- Baill den phobal Taistealaithe agus de phobal Romach
- Mná ar mian leo filleadh ar an margadh saothair
- Tuismitheoirí aonair
- Daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil, eacnamaíoch nó shóisialta
- Daoine a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu
- Daoine a bhfuil andúil acu
- Grúpaí ban agus grúpaí fear
- Daoine atá gan dídean
- Cúramóirí
- LADTIAÉ
- Daoine scothaosta

# Aguisín 2 – an Ciste um Chomhoibriú agus Nuálaíocht (CIF)

Is é an aidhm le Ciste um Chomhoibriú agus Nuálaíocht (CIF) LAS tacú le freagairtí comhoibritheacha eagraíochtúla maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais litearthachta ar an leibhéal áitiúil. Tá na príomhdhifríochtaí idir maoiniú Rochtain agus an CIF leagtha amach thíos.

| **Maoiniú Rochtain** | **An Ciste um Chomhoibriú agus Nuálaíocht (CIF)** |
|---|---|
| Is féidir le soláthraithe oideachais pobail iarratas a dhéanamh chuig a mBord Oideachais agus Oiliúna ar mhaoiniú Rochtain. | Is féidir le haon eagraíocht phoiblí nó neamhbhrabúis iarratas a chur faoi bhráid Oifig Náisiúnta Cláir LAS don CIF. |
| Is féidir le heagraíocht aonair iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú Rochtain. | Teastaíonn samhail chomhpháirtíochta le dhá eagraíocht ar a laghad. |
| Tá sé mar aidhm le maoiniú Rochtain cuidiú le soláthraithe oideachais pobail le leathnú agus méadú a dhéanamh ar a gcumas chun rannpháirtíocht foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste oideachasúil, go háirithe iad siúd ar chláir chreidiúnaithe ag leibhéil CNC 1 go 3 a sholáthar agus a spreagadh agus tacú léi. | Is é is cuspóir le CIF tacú le gníomhaíochtaí comhoibritheacha agus nuálacha a chuideoidh le haidhmeanna na straitéise a bhaint amach agus le sochaí níos cothroime a chruthú. Áirítear leis sin gníomhaíochtaí lena mbaineann an méid seo a leanas:<br>• Tacaíonn siad le haosaigh ag a bhfuil riachtanais litearthachta/uimhearthachta/litearthachta digití nár comhlíonadh.<br>• Tacaíonn siad le freagairt uile-shochaí ar riachtanais litearthachta aosach nach nár comhlíonadh. |
| Tá an maoiniú deartha go sonrach chun dul i ngleic le neamhionannas agus chun tacú le rochtain ar oideachas pobail. | Tugtar an maoiniú chun tacú le daoine aonair agus nó le grúpaí ag a bhfuil riachtanais litearthachta, uimhearthachta nó litearthachta digití nár chomhlíonadh trí chuir chuige nua agus nuálacha a úsáideann samhail chomhpháirtíochta. |
| Díríonn sé ar mhaoiniú chun tacú le foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste oideachasúil rochtain a fháil ar oideachas pobail agus páirt a ghlacadh ann. | Maoiniú a dhíriú ar ghníomhaíochtaí nuálaíochta a thacaíonn leis na grúpaí tosaíochta atá ainmnithe sa Straitéis Litearthachta d'Aosaigh don Saol. |

| Maoiniú Rochtain | An Ciste um Chomhoibriú agus Nuálaíocht (CIF) |
|---|---|
| Ní mór é a úsáid chun tacú le heagraíochtaí a thacaíonn le daoine aonair a bhfuil riachtanais acu nár freastalaíodh orthu. | Is féidir é a úsáid chun tacú le duine aonair a bhfuil riachtanais nár freastalaíodh orthu acu. |
| **Príomh-spriocghrúpaí:** Foghlaimeoirí faoi 25 bliain d'aois; daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach; daoine faoi mhíchumas; imircigh agus teifigh.<br>**Spriocghrúpa tosaíochta eile:** Luathfhágálaithe scoile; baill den phobal Taistealaithe agus den phobal Romach; mná ar mian leo filleadh ar an margadh saothair; tuismitheoirí aonair; daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil, eacnamaíoch nó shóisialta; daoine a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu; daoine a bhfuil deacrachtaí andúile acu; grúpaí ban agus grúpaí fear; daoine gan dídean, cúramóirí; LADTIAÉ; daoine scothaosta. | Spriocghrúpaí: Daoine scothaosta (55+); baill den phobal Taistealaithe; daoine faoi mhíchumas; teaghlaigh aontuismitheora; oibrithe ar phá íseal; gairmeacha; daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach; imircigh; iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta; daoine ag a bhfuil riachtanais teanga; daoine i bpríosún agus iar-chiontóirí; daoine atá ag teacht chucu féin ón andúil. |
| Bainistíonn BOOnna maoiniú Rochtain. | Bainistíonn Oifig Náisiúnta Cláir LAS in SOLAS an Ciste um Chomhoibriú agus Nuálaíocht. |

# Aguisín 3 – Critéir scórála na meastóireachta

Féadfaidh SOLAS cóipeanna d'fhoirmeacha meastóireachta comhlánaithe agus d'iarratais a iarraidh chun críocha samplála.

| **Critéir mheastóireachta mhaoiniú Rochtain** | |
|---|---|
| Teideal an togra mhaoiniú Rochtain. | |
| Ainm an ghrúpa pobail nó na heagraíochta a chuir an togra isteach: | |

| **Scóráil** | | | |
|---|---|---|---|
| Cuid 1: Scór atá le baint amach = **4** | Cuid 2: Scór atá le baint amach = **1** | Cuid 3: Scór atá le baint amach = **1** | Scór iomlán bunriachtanach atá le baint amach = **6** |
| **Scór íosta iomlán le baint amach chun an t-iarratas a mheas do mhaoiniú** (Ní mór an marc íosta do na critéir bhunriachtanacha ar fad a bhaint amach) | | | **6** |

| | **Critéir** | **Bunriachtanach** | **Inmhianaithe** |
|---|---|---|---|
| **Cuid 1: Ní mór pointe amháin an ceann a bhaint amach i gcomhair A, B, C & D** | | | |
| **A** | Tacaíonn an tionscadal le prionsabail mhaoiniú Rochtain.<br>Tacaíonn = 1, Ní thacaíonn = 0 | 1 | |
| **B** | Ní dhéantar dúbailt leis an tionscadal ar an obair ná níl aon drochthionchar aige ar sheirbhísí reatha nó ar sholáthar eagraíochtaí forbartha pobail nó BOOnna.<br>Ní dhéantar = 1, Déantar = 0 | 1 | |
| **C** | Tá Príomhtháscairí/Príomhthorthaí Feidhmíochta intomhaiste soiléire agus infhíoraithe ag baint leis an tionscadal<br>Tá = 1, Níl = 0 | 1 | |
| **L** | Léiríonn an tionscadal fianaise shoiléir ar inmharthanacht.<br>Léiríonn = 1, Ní Léiríonn = 0 | 1 | |
| **Cuid 1: Scór iomlán a bronnadh – scór íosta a theastaíonn = 4** | | **4** | |

| **Cuid 2: Spriocghrúpa an tionscadail atá beartaithe** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **E** | Tá an togra dírithe ar phríomh-spriocghrúpa nó ar spriocghrúpa tosaíochta eile. Caithfidh E1 nó E2 thíos a bheith i bhfeidhm. | | | |
| **E1: Príomh-spriocghrúpaí ar a bhfuil an togra dírithe (cuir tic le gach ceann acu sin atá bainteach)** | | | | **E2:** Spriocghrúpa tosaíochta eile |
| Foghlaimeoirí<25<br>T/N | Daoine dífhostaithe go fadtéarmach<br>T/N | Daoine faoi mhíchumas<br>T/N | Grúpaí dídeanaithe/ imirceach<br>T/N | Spriocghrúpa tosaíochta eile<br>T/N |
| | | | | |
| **E1** | Ball den **phríomh**-spriocghrúpa = 3 | 3 | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **E2** | Ball de ghrúpa tosaíochta **eile** = 1 | 1 | |
| **R: Scór fo-iomláin a bronnadh – scór íosta a theastaíonn = 1** | | 1 | |
| **F1** | Tá an grúpa pobail lonnaithe laistigh de limistéir dhubha dífhostaíochta/limistéar faoi mhíbhuntáiste laistigh de Réigiún an BOO<br>Tá = 1, Níl = 0 | | 1 |
| **F2** | Grúpa pobail a dhíríonn ar fhoghlaimeoirí atá mhíbhuntáiste oideachasúil<br>Tá = 1, Níl = 0 | | 1 |
| **F3** | Molann an tionscadal cur chuige nuálach chun díriú ar mhíbhuntáiste oideachasúil<br>Molann = 1, Ní mholann = 0 | | 1 |
| **F: Scór a bronnadh** | | | |
| **Cuid 2: (E agus F): Scór iomlán a bronnadh** | | **1** | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuid 3:** Catagóir Rochtain a dtugtar aghaidh uirthi sa tionscadal atá beartaithe | | | |
| **G** | Tá an tionscadal atá beartaithe dírithe ar chatagóir Rochtain– marcáil **Y** do gach lena mbaineann; ní mór ceann amháin ar a laghad a bheith infheidhme | | |
| **G1** | Rannpháirtíocht na bpríomh-spriocghrúpaí nó na spriocghrúpaí tosaíochta eile a leathnú agus a mhéadú | T/N | |
| **G2** | Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí | T/N | |
| **G3** | Aeráid agus inbhuanaitheacht | T/N | |
| **G4** | Tacú le grúpaí imeallaithe (for-rochtain/réamhfhorbairt) | T/N | |
| **1 as G1 go G4 ar a laghad roghnaithe Tá = 1, Níl = 0**<br>**Cuid 3: Scór fo-iomláin a bronnadh (uas-scór = 1)** | | **1** | |
| | | **Bunriachtanach** | **Inmhianaithe** |
| **Scór fo-iomláin a bronnadh (Cuid 1 + Cuid 2 + Cuid 3)** | | | |
| **Líon na scórtha bunriachtanacha agus inmhianaithe le chéile a bronnadh** | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Comhlíonann sé na critéir íosta mhaoinithe:** | **Comhlíonann** ☐ | **Ní chomhlíonann** ☐ | |

| **Arna fhaomhadh ag:** | **Post in BOO:** | **Dáta:** |
|---|---|---|
| | | |

# Aguisín 4 – Teimpléad scórála na meastóireachta

Féadfaidh SOLAS cóipeanna d'fhoirmeacha meastóireachta comhlánaithe agus d'iarratais a iarraidh chun críocha samplála.

| **Critéir mheastóireachta mhaoiniú Rochtain** | |
|---|---|
| Teideal an togra mhaoiniú Rochtain. | |
| Ainm an ghrúpa pobail nó na heagraíochta a chuir an togra isteach: | |

| **Scóráil** | | | |
|---|---|---|---|
| Cuid 1: Scór atá le baint amach = **4** | Cuid 2: Scór atá le baint amach = **1** | Cuid 3: Scór atá le baint amach = **1** | Scór iomlán bunriachtanach atá le baint amach = **6** |
| **Scór íosta iomlán le baint amach chun an t-iarratas a mheas do mhaoiniú** (Ní mór an marc íosta do na critéir bhunriachtanacha ar fad a bhaint amach) | | | |

| **Critéir** | | **Bunriachtanach** | **Inmhianaithe** |
|---|---|---|---|
| **Cuid 1: Ní mór pointe amháin an ceann a bhaint amach i gcomhair A, B, C & D** | | | |
| **A** | Tacaíonn an tionscadal le prionsabail mhaoiniú Rochtain.<br>Molann = 1, Ní mholann = 0 | | |
| **B** | Ní dhéantar dúbailt leis an tionscadal ar an obair ná níl aon drochthionchar aige ar sheirbhísí reatha nó ar sholáthar eagraíochtaí forbartha pobail nó BOOnna.<br>Ní dhéantar = 1, Déantar = 0 | | |
| **C** | Tá Príomhtháscairí/Príomhthorthaí Feidhmíochta intomhaiste soiléire agus infhíoraithe ag baint leis an tionscadal<br>Tá = 1, Níl = 0 | | |
| **L** | Léiríonn an tionscadal fianaise shoiléir ar inmharthanacht.<br>Léiríonn = 1, Ní léiríonn = 0 | | |
| **Cuid 1: Scór iomlán a bronnadh – scór íosta a theastaíonn = 4** | | | |

| **Cuid 2: Spriocghrúpa an tionscadail atá beartaithe** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **E** | Tá an togra dírithe ar phríomh-spriocghrúpa nó ar spriocghrúpa tosaíochta eile. Caithfidh E1 nó E2 thíos a bheith i bhfeidhm. | | | |
| **E1: Príomh-spriocghrúpaí ar a bhfuil an togra dírithe (cuir tic le gach ceann acu sin atá bainteach)** | | | | **E2:** Spriocghrúpa tosaíochta eile |
| Foghlaimeoirí<25 T/N | Daoine dífhostaithe go fadtéarmach T/N | Daoine faoi mhíchumas T/N | Grúpaí dídeanaithe/ imirceach T/N | Spriocghrúpa tosaíochta eile T/N |
| | | | | |
| **E1** | Ball den **phríomh**-spriocghrúpa = 3 | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **E2** | Ball de ghrúpa tosaíochta **eile** = 1 | | |
| **R: Scór fo-iomláin a bronnadh – scór íosta a theastaíonn = 1** | | | |
| **F1** | Tá an grúpa pobail lonnaithe laistigh de limistéir dhubha dífhostaíochta/limistéar faoi mhíbhuntáiste laistigh de Réigiún an BOO<br>Tá = 1, Níl = 0 | | |
| **F2** | Grúpa pobail a dhíríonn ar fhoghlaimeoirí atá mhíbhuntáiste oideachasúil<br>Tá = 1, Níl = 0 | | |
| **F3** | Molann an tionscadal cur chuige nuálach chun díriú ar mhíbhuntáiste oideachasúil<br>Tá = 1, Níl = 0 | | |
| **F: Scór a bronnadh** | | | |
| **Cuid 2: (E agus F): Scór iomlán a bronnadh** | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuid 3:** Catagóir Rochtain a dtugtar aghaidh uirthi sa tionscadal atá beartaithe | | | |
| **G** | Tá an tionscadal atá beartaithe dírithe ar chatagóir Rochtain– marcáil **Y** do gach ceann lena mbaineann; ní mór ceann amháin ar a laghad a bheith infheidhme | | |
| **G1** | Rannpháirtíocht na bpríomh-spriocghrúpaí nó na spriocghrúpaí tosaíochta eile a leathnú agus a mhéadú | T/N | |
| **G2** | Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí | T/N | |
| **G3** | Aeráid agus inbhuanaitheacht | T/N | |
| **G4** | Tacú le grúpaí imeallaithe (for-rochtain/réamhfhorbairt) | T/N | |
| **1 as G1 go G4 ar a laghad roghnaithe Tá = 1, Níl = 0**<br>**Cuid 3: Scór fo-iomláin a bronnadh (uas-scór = 1)** | | | |
| | | **Bunriachtanach** | **Inmhianaithe** |
| **Scór fo-iomláin a bronnadh (Cuid 1 + Cuid 2 + Cuid 3)** | | | |
| **Líon na scórtha bunriachtanacha agus inmhianaithe le chéile a bronnadh** | | | |
| **Comhlíonann sé na critéir íosta mhaoinithe:** | **Comhlíonann** ☐ | **Ní chomhlíonann** ☐ | |

| **Arna fhaomhadh ag:** | **Post in BOO:** | **Dáta:** |
|---|---|---|
| | | |

# Aguisín 5 – Amlínte tuairiscithe mhaoiniú Rochtain

| Mí | Gníomhaíocht | Amlíne le haghaidh cur i gcrích |
|---|---|---|
| **2026** | | |
| Márta | Cuireann BOO tuarascáil achomair ar thionscadail cheadaithe faoi bhráid SOLAS | 27 Márta 2026 |
| Meitheamh | Cuireann an BOO tuarascáil um stádas Rochtain maidir le mí Eanáir go mí na Bealtaine 2026 faoi bhráid SOLAS | 12 Meitheamh 2026 |
| **2027** | | |
| Feabhra | Cuireann BOO tuarascáil dheireadh na bliana 2026 maidir le Rochtain faoi bhráid SOLAS. | 26 Feabhra 2027 |